Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Iúil 2026
(OR. en)

10047/26

LIMITE

CORLX 574
CFSP/PESC 841
CONOP 33
COTER 85
CONUN 100

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE chun tacú le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta chuig gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad |

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**chun tacú le cur chun feidhme**
**Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe**
**maidir le neamhleathadh arm ollscriosta**
**agus modhanna a seachadta chuig gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Nollaig 2003, ghlac an Chomhairle Eorpach Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta, straitéis ina bhfuil, i gCaibidil III, liosta de na bearta is gá a dhéanamh san Aontas agus i dtríú tíortha chun an leathadh sin a chomhrac.

(2) An 28 Aibreán 2004, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 1540 (2004) ('UNSCR 1540 (2004)'), arbh í an chéad ionstraim idirnáisiúnta í chun déileáil ar bhealach comhtháite cuimsitheach le hairm ollscriosta, le modhanna a seachadta agus le hábhair ghaolmhara. Le UNSCR 1540 (2004), bunaíodh oibleagáidí ceangailteacha do gach Stát a raibh sé d'aidhm acu gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad a chosc agus a dhíspeagadh ó rochtain a fháil ar na hairm sin agus ar ábhar a bhaineann leo. D'iarr sí freisin ar na Stáit tuarascáil maidir leis na céimeanna atá glactha acu nó atá beartaithe acu a ghlacadh chun UNSCR 1540 (2004) a chur chun feidhme a chur faoi bhráid choiste na Comhairle Slándála a bunaíodh le UNSCR 1540 (2004) ('Coiste 1540').

(3) An 27 Aibreán 2006, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 1673 (2006) agus chinn sí go raibh Coiste 1540 le dlús a chur lena chuid iarrachtaí chun cur chun feidhme iomlán Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn trí chláir oibre, for-rochtana, cúnaimh, idirphlé agus comhair. Ina theannta sin, d'iarr sí ar Choiste 1540 féachaint, le Stáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha agus fo-réigiúnacha, an bhféadfaí taithí agus ceachtanna foghlamtha a roinnt, agus cláir a bheith ar fáil a d'fhéadfadh cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a éascú.

PUBLIC

(4) An 20 Aibreán 2011, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 1977 (2011) agus chinn sí síneadh a chur le sainordú Choiste 1540 go ceann tréimhse 10 mbliana go dtí an 25 Aibreán 2021. Chinn sí freisin go raibh Coiste 1540 leis an méid seo a leanas a dhéanamh: leanúint dá iarrachtaí a threisiú chun cur chun feidhme iomlán Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ag na Stáit uile a chur chun cinn ; páirt ghníomhach a ghlacadh i dtairiscintí agus iarrataí ar chúnamh a mheaitseáil trí mhodhanna ar nós cuairteanna ar chuireadh ón Stát lena mbaineann, teimpléid chúnaimh, pleananna gníomhaíochta nó faisnéis eile arna gcur faoi bhráid Choiste 1540; agus athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar stádas chur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe roimh mhí na Nollag 2016.

(5) An 15 Nollaig 2016, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe d'aon toil Rún 2325 (2016) agus ar an gcaoi sin d'fhormhuinigh sí an toradh a bhí ar phróiseas cuimsitheach athbhreithnithe Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a rinneadh le linn 2016. D'iarr sí ar na Stáit uile bearta náisiúnta a neartú chun Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme agus d'iarr sí go dtabharfaí níos mó cúnaimh chun cumas an Stáit a fhorbairt ina leith sin, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí deonacha, agus d'iarr sí go mbeadh comhar níos fearr ann i measc geallsealbhóirí, na sochaí sibhialta agus lucht léinn.

(6) An 30 Samhain 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2663 (2022) agus chinn sí síneadh a chur le sainordú Choiste 1540 go ceann tréimhse 10 mbliana go dtí an 30 Samhain 2032.

PUBLIC

(7) Le tacaíocht an Aontais maidir le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, tacaíocht a seoladh ó 2006 trí Ghníomhaíochtaí Chomhpháirteacha 2006/419/CBES[1] agus 2008/368/CBES[2] ón gComhairle agus trí Chinntí 2013/391/CBES[3], (CBES) 2017/809[4] agus (CBES) 2023/654[5] ón gComhairle, tá laghdú suntasach tagtha ar líon na Stát nár thuairiscigh agus ar líon na Stát nár thíolaic faisnéis bhreise a d'éiligh Coiste 1540 tar éis dóibh tuarascálacha neamhiomlána a thíolacadh. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil gá fós le tacaíocht leanúnach do chur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ba cheart don Aontas an Cinneadh seo a ghlacadh, a chuirfidh le cur chun feidhme an Rúin sin.

PUBLIC

---

1 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2006/419/CBES ón gComhairle an 12 Meitheamh 2006 chun tacú le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 165, 17.6.2006, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2006/419/oj).

2 Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/368/CBES ón gComhairle an 14 Bealtaine 2008 chun tacú le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta (IO L 127, 15.5.2008, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/368/oj).

3 Cinneadh 2013/391/CBES ón gComhairle an 22 Iúil 2013 chun tacú le cur chun feidhme praiticiúil Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus modhanna a seachadta (IO L 198, 23.7.2013, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/391/oj).

4 Cinneadh (CBES) 2017/809 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2017 a thacaíonn le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus a modhanna seachadta (IO L 121, 12.5.2017, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/809/oj).

5 Cinneadh (CBES) 2023/654 ón gComhairle an 20 Márta 2023 chun tacú le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le neamhleathadh arm ollscriosta agus a modhanna seachadta (IO L 81, 21.3.2023, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/654/oj).

(8) Ba cheart cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí atá le déanamh faoin gCinneadh seo a chur ar iontaoibh Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA), atá freagrach as tacaíocht shubstainteach agus lóistíochta a chur ar fáil do Choiste 1540 agus dá Ghrúpa Saineolaithe.

(9) Tá an Cinneadh seo faoi threoir an phrionsabail maidir leis an leas is fearr a bhaint as an taithí a fuarthas ó ghníomhaíochtaí comhpháirteacha de chuid na Comhairle roimhe seo agus ó na cinntí ón gComhairle roimhe seo lena tacaítear le Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Tugann sé tús áite do riachtanais shonracha arna sainaithint ag Stáit agus d'iarrataí ó Stáit, lena n-áirítear ceanglais acmhainneachta, agus cuireann sé cúnamh agus fothú acmhainneachta ar fáil trí chineálacha cur chuige saincheaptha éileamhspreagtha. Spreagann sé úinéireacht náisiúnta agus réigiúnach na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo d'fhonn an inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus coinneáil na hacmhainneachta institiúidí a áirithiú; agus ina theannta sin spreagann sé an chomhlántacht, an comhordú agus na sineirgí i measc UNODA, an tAontas agus gníomhaithe ábhartha idirnáisiúnta, réigiúnacha agus fo-réigiúnacha dar cuspóir tacú le cur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Dírítear sa Chinneadh seo ar ghníomhaíochtaí ag a bhfuil torthaí nithiúla intomhaiste léirithe, go háirithe maidir leis an gcur chun feidhme náisiúnta a neartú, sásraí tuairiscithe agus cúnaimh a fheabhsú, feasacht a mhúscailt idir na páirtithe leasmhara ábhartha agus tiomantas marthanach a chothú do chur chun feidhme Rún 1540 (2004) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Leis an gCnneadh seo, feabhsófar an fhreagrúlacht ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, leis an dul chun cinn eolaíoch agus le rioscaí dé-úsáide athraitheacha i gcomhthéacs rún 1540 (2004). Áirithítear leis freisin go ndéanfar gné na hinscne a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí tionscadail agus cuirfear rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban chun cinn i ngníomhaíochtaí agus in idirphléití a thagann faoina raon feidhme.



PUBLIC

(10) Ba cheart an Cinneadh seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gCreat—Chomhaontú Airgeadais agus Riaracháin arna thabhairt i gcrích ag an gCoimisiún leis na Náisiúin Aontaithe a bhaineann le ranníocaíochtaí airgeadais ón Aontas le cláir nó tionscadail arna riar ag na Náisiúin Aontaithe a bhainistiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Tacóidh an tAontas leis na gníomhaíochtaí seo a leanas a chomhfhreagraíonn do bhearta a leagtar amach i Straitéis an Aontais i gcoinne leathadh arm ollscriosta:

(a) ceardlanna agus seisiúin oiliúna théamacha chun acmhainní a fhothú le haghaidh suas le 5 iarraidh ar chúnamh ag na Stáit;

(b) oiliúint a chur ar pointí teagmhála réigiúnacha;

(c) cleachtadh ionsamhlúcháin amháin nó cleachtadh boird amháin;

(d) tacaíocht d'fhorbairt pleananna gníomhaíochta náisiúnta agus do sholáthar tacaíochta saincheaptha;

(e) táirgeadh agus scaipeadh eolais.

Leagtar síos miontuairisc ar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad mhír san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Cuirfear cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 ar iontaoibh UNODA. Déanfaidh sí an cúram sin faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le UNODA.

PUBLIC

*Airteagal 3*

1. Is é EUR 1 999 934,66 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur chun feidhme.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chuige sin, tabharfaidh sé an comhaontú riachtanach i gcrích le UNODA. Sonrófar sa chomhaontú go n-áiritheoidh UNODA infheictheacht ranníocaíocht an Aontais ar bhealach atá i gcomhréir le méid na ranníocaíochta.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú chun críche.

*Airteagal 4*

Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha tráthrialta arna n-ullmhú ag UNODA. Beidh na tuarascálacha sin mar bhonn don mheastóireacht a dhéanfaidh an Chomhairle. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis faoi ghnéithe airgeadais na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1.



PUBLIC

*Airteagal 5*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh in éag 36 mhí tar éis an dáta a dtabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích, nó 6 mhí tar éis dáta a ghlactha mura mbeidh an comhaontú sin tugtha i gcrích faoin am sin.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

…

PUBLIC